**Comhairle Contae Chill Dara**
Kildare County Council

## Fógra maidir le hAthrú Beartaithe Uimh. 5: Ceathrú an Iarthuaiscirt (An Nás) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú)

Tugtar fógra leis seo de bhun Alt 58(7)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 (arna leasú), go molann Comhairle Contae Chill Dara athrú ar Phlean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú). Ionchorprófar an t-athrú atá beartaithe in Imleabhar 1: Ráiteas i Scríbhinn agus Imleabhar 2: Pleananna Socraíochta Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú).

**An chúis atá le hAthrú Beartaithe Uimh. 5: Ceathrú an Iarthuaiscirt (An Nás)**

Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar le Máistirphlean Chreat Cheathrú an Iarthuaiscirt (An Nás) a chomhtháthú sa chreat pleanála reachtúil chun beartas pleanála agus creat forbartha a sholáthar d'fhonn seachadadh Cheathrú an Iarthuaiscirt (An Nás) a threorú agus a chumasú, síneadh uirbeach de c.300 heicteár chuig an Nás a mbeidh tábhacht straitéiseach ag baint leis agus a bheidh ar cheann de phríomhshuíomhanna Chontae Chill Dara don soláthar tithíochta, chomh maith leis an bpríomhshuíomh tithíochta don Nás. Freastalóidh an síneadh uirbeach ar phobal nua a thacóidh le húsáidí talún agus le bonneagar pobail chun freastal ar riachtanais a chomharsanachta/a chomharsanachtaí, chomh maith le húsáidí fostaíochta agus príomhbhonneagar cumasúcháin. Tá Máistirphlean Chreat Cheathrú an Iarthuaiscirt (An Nás) ag teacht le hordlathas uileghabhálach an phlean atá leagtha amach ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus ar leibhéal an chontae.

**An tAthrú atá Beartaithe**

Athrú Beartaithe Uimh. 5: Cuimseofar i gCeathrú an Iarthuaiscirt (An Nás) de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú) leasuithe ar Imleabhar 1: Ráiteas i Scríbhinn agus Imleabhar 2: Pleananna Socraíochta Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú) agus beidh na doiciméid tacaíochta seo a leanas ag gabháil leo:

- Ráiteas Scríofa do Cheathrú an Iarthuaiscirt (An Nás).
- Tuarascáil Máistirphlean Creata do Cheathrú an Iarthuaiscirt (An Nás).
- Treoraíocht maidir le Ceantar Saintréithe do Cheathrú an Iarthuaiscirt (An Nás).
- Straitéis Soghluaisteachta Inbhuanaithe do Cheathrú an Iarthuaiscirt (An Nás).
- Plean Bainistíochta Uisce Dromchla do Cheathrú an Iarthuaiscirt (An Nás).
- Tuarascáil ar Scagadh na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta de bhun na Rialachán um Pleanáil Úsáide Talún - Measúnú Straitéiseach Timpeallachta 2025.
- Tuarascáil ar Scagadh le haghaidh Measúnú Cuí de bhun Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga (92/43/CEE).
- Tuarascáil ar an Measúnú Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte, de bhun Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

Tá scagadh déanta ag Comhairle Contae Chill Dara maidir le Measúnú Straitéiseach Timpeallachta de réir Airteagal 13K den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) inar cinneadh nach dócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol mar thoradh ar an athrú beartaithe.

Tá scagadh déanta ag Comhairle Contae Chill Dara maidir le Measúnú Iomchuí de réir Alt 177U den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) inar thángthas ar an gconclúid nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an athrú beartaithe, ina aonar nó in éineacht le pleananna nó tionscadail eile, ar láithreán Eorpach.

**Taispeáint an Athraithe Bheartaithe agus na nDoiciméad Tacaíochta**

A copy of Proposed Variation No. 5: Northwest Quadrant (Naas) and supporting documents may be inspected from **Friday, 5 June 2026 to Friday, 3 July 2026** at the following locations:

- Ar líne ag: https://consult.kildarecoco.ie/en/browse
- An Oifig Pleanála, Oifig Chomhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, An Nás, Contae Chill Dara, W91 X77F le linn gnáthuaireanta oscailte 9:30 a.m. - 4:00 p.m., Luan go hAoine.

Tabhair do d'aire go bhfanfaidh an tairseach chomhairliúcháin: https://consult.kildarecoco.ie/en/browse ar oscailt i gcónaí le linn thréimhse an chomhairliúcháin reachtúil.

**Conas Aighneacht a Dhéanamh**

Féadfar aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh maidir leis an athrú beartaithe agus na tuarascálacha a ghabhann leis roimh **12:00 p.m. (meán lae) Dé hAoine, 3 Iúil 2026** agus cuirfear san áireamh iad sula ndéanfar an t-athrú. Ba cheart d'ainm agus do sheoladh a lua i d'aighneacht, agus i gcás inarb iomchuí, an comhlacht nó an eagraíocht ar a bhfuil ionadaíocht á déanamh agat. Tá fáilte roimh leanaí nó grúpaí/comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar leasanna leanaí aighneachtaí a dhéanamh. Ná déan d'aighneacht ach ar **cheann amháin de na bealaí seo a leanas:**

- Ar líne ag https://consult.kildarecoco.ie/en/browse nó
- I scríbhinn chuig: An tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach, Oifig Gníomhachtaithe Talún Chill Dara, Comhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, An Nás, Contae Chill Dara. **Ní ghlacfar le haighneachtaí déanacha ná le haighneachtaí ar ríomhphost nó facs.**

Foilseofar gach aighneacht ar Thairseach Chomhairliúcháin na Comhairle. Ullmhófar tuarascáil ar aighneachtaí a fuarthas agus áireofar inti ainmneacha na ndaoine a rinne aighneachtaí. Foilseofar an tuarascáil sin ar ár suíomh gréasáin. Is féidir sonraí faoi do theidlíochtaí agus oibleagáidí príobháideachais faoi RGCS a léamh anseo: www.kildarecoco.ie/YourCouncil/GovernanceandCompliance/DataProtection/

**Spriocdháta le hAghaidh Aighneachtaí: 12:00 p.m. (meán lae) Dé hAoine 3 Iúil 2026.**

Sínithe: **Alan Dunney,**
**Stiúrthóir Seirbhísí - Pleanáil, Fiontraíocht agus Forbairt Gheilleagrach,**
**Comhairle Contae Chill Dara.**

**5ú Meitheamh 2026.**

## Notice of Proposed Variation No. 5: Northwest Quadrant (Naas) of the Kildare County Development Plan 2023-2029 (as varied)

Notice is hereby given pursuant to Section 58(7)(b) of the Planning and Development Act 2024 (as amended), that Kildare County Council proposes a variation of the Kildare County Development Plan 2023–2029 (as varied). The proposed variation will be incorporated into Volume 1: Written Statement and Volume 2: Settlement Plans of the Kildare County Development Plan 2023-2029 (as varied).

**Reason for the Proposed Variation No. 5: Northwest Quadrant (Naas)**

The proposed amendments seek to integrate the Northwest Quadrant (Naas) Framework Masterplan into the statutory planning framework to provide a planning policy and development framework to guide and enable the delivery of the Northwest Quadrant (Naas), an urban extension of c.300 hectares to Naas of strategic importance that will be one of County Kildare's key locations for housing supply, as well as the key housing location for Naas. The urban extension will accommodate a new community with supporting land uses and community infrastructure to meet the needs of its neighbourhood(s), as well as employment uses and key enabling infrastructure. The Northwest Quadrant (Naas) Framework Masterplan aligns with the overarching plan hierarchy which has been set out at national, regional and county level.

**The Proposed Variation**

Proposed Variation No. 5: Northwest Quadrant (Naas) of the Kildare County Development Plan 2023–2029 (as varied) will comprise amendments to Volume 1: Written Statement and Volume 2: Settlement Plans of the Kildare County Development Plan 2023-2029 (as varied) and will be accompanied by the following supporting documents:

- A Northwest Quadrant (Naas) Written Statement.
- A Northwest Quadrant (Naas) Framework Masterplan Report (FMR).
- A Northwest Quadrant (Naas) Character Area Guidance (CAG).
- A Northwest Quadrant (Naas) Sustainable Mobility Strategy (SMS).
- A Northwest Quadrant (Naas) Surface Water Management Plan (SWMP).
- A Strategic Environmental Assessment Screening Report pursuant to the Land Use Planning - Strategic Environmental Assessment (SEA) Regulations 2025.
- A Screening for Appropriate Assessment (AA) Report pursuant to the EU Habitats Directive (92/43/EEC).
- A Strategic Flood Risk Assessment (SFRA) Report, pursuant to Section 28 of the Planning and Development Act 2000 (as amended).

Kildare County Council has undertaken a Strategic Environmental Assessment Screening in accordance with Article 13K of the Planning and Development Regulations 2001 (as amended) which determined the proposed variation is not likely to have significant effects on the environment.

Kildare County Council has undertaken an Appropriate Assessment Screening under Section 177U of the Planning and Development Act 2000 (as amended) which concluded that the proposed variation, individually or in combination with other plans or projects, is not likely to have a significant effect on a European site.

**Display of the Proposed Variation and Supporting Documents**

A copy of Proposed Variation No. 5: Northwest Quadrant (Naas) and supporting documents may be inspected from **Friday, 5 June 2026 to Friday, 3 July 2026** at the following locations:

- Online at: https://consult.kildarecoco.ie/en/browse
- Planning Office, Kildare County Council, **at the address below** during opening times of 9:30 a.m. – 4:00 p.m., Monday to Friday.

Please note, the consultation portal https://consult.kildarecoco.ie/en/browse will always remain open during the statutory consultation period.

**How to Make a Submission**

Submissions or observations may be made in respect of the proposed variation and accompanying reports before **12:00 p.m. (noon) on Friday, 3 July 2026** and will be taken into consideration before the making of the variation. Your name and address should be stated in your submission, and where relevant, the body or organisation represented. Children or groups/associations representing the interests of children are welcome to make submissions. Please make your submission in **one of the following ways only:**

- Online at: https://consult.kildarecoco.ie/en/browse or
- In writing to: Acting Senior Executive Officer, Kildare Land Activation Office, Kildare County Council, **at the address below. Late submissions, e-mail or faxed submissions will not be accepted.**

Submissions will be published on the Council's Consultation Portal. A report will be prepared on submissions received and will include the names of those who made submissions. This report will be published on our website. Details of your privacy entitlements and obligations under GDPR can be read here: www.kildarecoco.ie/YourCouncil/GovernanceandCompliance/DataProtection/

**Deadline For Submissions: 12:00 p.m. (noon) on Friday, 3 July 2026.**

Signed: **Alan Dunney,**
**Director of Services - Planning, Enterprise and Economic Development,**
**Kildare County Council.**

**5th June 2026.**

**KILDARE COUNTY COUNCIL**
Áras Chill Dara, Devoy Park, Naas, Co. Kildare. W91X77F.
Telephone: 045-980200 • Emergency Number
(Outside Office Hours) 1800 500 444
facebook.com/KildareCountyCouncil
X.com/kildarecoco

www.kildarecountycouncil.ie